Is éard atá san aistriúchán seo, iarracht amscaí ar chomhréiteach idir an Ghaeilic bheo agus an Ghaeilic mar a bhí. Ní dóigh liom go bhfuil mórán fiúntas ann agus go deimhin féin, is lochtach mo thuiscint ar an tSeanGhaeilic. Ní raibh uaim leis an iarracht seo ach féachaint cén crot a bheadh ar an teanga dá mbaininn feidhm as roinnt tréithe ón ársaíocht. Gné amháin den tseanteanga nach fios dom: níl a fhios agam an leanann séimhiú nó urú gach aon fhocal ina dhiaidh, idir aidiacht agus ainmfhocal, mar a rinne mise sna scéalta seo: cur i gcás *ar fhearann bhán fhir.*
Duine éigin a léifeas an iarracht seo, b'fhéidir gur mhaith leis nó léi cur leis an aistriúchán *Wikisource* seo anseo nó ansiúd. Chuirfeadh sin gliondar le mo chroí. Má tá níos mó spéise ag léitheoir in aistriúchán níos nádúrtha ná an iarracht tacair seo áfach, mholfainn dó an gnáthleagan Gaeilice de na scéalta seo. Arís eile, tá míle fáilte roimhe nó roimpi cur a chloch féin leis an tionscnamh sin.

Seo na hiomraill eile sa leagan seo:

Idirdhealú idir an tuiseal áinsí agus an tuiseal tabharthach:
Téann sé isan dteach Vs tá sé isa tigh

Idirdhealú idir an aimsir fhoirfe agus an aimsir chaite shimplí:
Do chaith sí sa dtine é cheana féin ***Vs*** *caith sí sa dtine é inné*
In ainneoin go bhfuil an aimsir chaite shimplí imithe i léig le fada an lá agus gur thóg an aimsir fhoirfe a háit, athmhúsclaítear í san sna scéalta seo. Ní usáidtear s-caite na Gaeilice Clasaicí áfach (m.sh. cuiris i. chuir sé). Is éard a dhéantar san aistriúchán seo, fágtar an rémhír 'do' ar lár agus ní shéimhítear an briathar.

Seachnaítear clásail le 'a' ar liobarna ag deireadh abairtí an oiread agus is féidir:
~~b'éigean dóibh an bóthar do bhualadh~~
b'éigean dóibh bualadh bóthair

is minic a usáidtear an aimsir fhoirfe le cur in iúl éiginnteachta, seachas an aimsir iarfháistineach (i. módh coinníolach): *dá n-éistimis thuigfimis, seachas ~~dá n-éistfimis thuigfimis~~*
Faraor, ní léir don léitheoir an é an aimsir ghnáthchaite nó an aimsir fhoirfe chaite a bhíos i gceist i gcomhthéacsanna áirithe dá bharr. Roghnaíodh '*beth*' mar litriú ar an aimsir fhoirfe chaite den bhriathar 'bí', seachas 'beith' mar atá sa Ghaeilge Chlasaiceach. Ní úsáidtear 'beith' sna scéalta seo ach amháin mar ainm briathartha de 'bí'.

réamhfhocail:

~~as, as an, as na, as a~~
as, asan, asna, asa

~~ar, ar an, ar na, ar a~~
ar, aran/arsan, arna/arsna, ara

~~faoi, faoin, faoi na, faoina~~
fo, fon, fona/fonaibh, fá/fona

~~i, sa/san, sna, ina~~
i, isan, isna, ina

~~le, leis an, leis na, lena~~
la, lasan, lasna, lana

~~ó, ón, ó na, óna~~
ó, ón, ónaibh, óna

~~roimh, roimh an, roimh na, roimh a~~
re, ren, rena/resna, ria/rena

~~trí, tríd an, tríd na, trína~~
tre, tresan, tresna, trena

~~thar, thar an, thar na, thar a~~
tar/thar, tharan, tharna, thara